Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0100(NLE)**

**9073/26**
**ADD 1**

**RESUA 10**
**FIN 658**
**ECOFIN 596**
**ELARG 66**
**COEST 359**
**DEVGEN 76**
**UA PLATFORM 10**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 |

# IARSCRÍBHINN

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

An 14 Aibreán 2026, thíolaic an Úcráin iarraidh ar íocaíocht cuid den chúigiú, den séú agus den seachtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1]. Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, thug an Úcráin údar le comhlíonadh sásúil céim amháin sa chúigiú tráthchuid, dhá chéim sa séú tráthchuid agus aon chéim déag sa seachtú tráthchuid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an measúnaithe ar Phlean na hÚcráine[2], arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ('an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle')[3]. Chuir an Úcráin fianaise ar fáil freisin maidir le comhlíonadh sásúil dhá chéim san ochtú tráthchuid agus dhá chéim sa naoú tráthchuid.

Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Úcráin, meastar go bhfuil 18 gcéim comhlíonta go sásúil.

Mar chuid de **Chaibidil 2** maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, glacadh an straitéis mheántéarmach um bainistiú fiachais stáit agus leasuithe ar an reachtaíocht ábhartha maidir le rialú airgeadais stáit.

Mar chuid de **Chaibidil 3** maidir leis an gcóras breithiúnach, líonadh 20 % ar a laghad de na folúntais bhreithiúnacha, thángthas ar réiteach maidir leis an 20 % de sheanchásanna araíonachta nár breithníodh roimh dheireadh 2023, cuireadh i gcrích an mheastóireacht cháilíochta (grinnfhiosrúchán) i leith 50 % de na breithiúna a raibh orthu dul faoin meastóireacht fós an 30 Meán Fómhair 2016, tháinig an dlí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte a bhaineann le hoibleagáidí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta agus digiteáil bhreise a dhéanamh ar na himeachtaí forfheidhmiúcháin i bhfeidhm agus tháinig córas bailithe sonraí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte i bhfeidhm.

---

1 Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj). Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CONSIL%3AST_9492_2024_ADD_1&qid=1716536456361.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2025/2157, 27.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2157/oj).

Mar chuid de **Chaibidil 5** maidir le margaí airgeadais, foilsíodh an measúnú ar athléimneacht sa chóras baincéireachta agus tháinig an dlí maidir le feabhas a chur ar an rialáil stáit i ndáil le margaí caipitil agus margaí tráchtearraí eagraithe i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 7** maidir le caipiteal daonna, glacadh an straitéis um fhostaíocht daonra agus tháinig an reachtaíocht maidir le bunphrionsabail an bheartais tithíochta i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 8** maidir leis an timpeallacht ghnó, tháinig an reachtaíocht i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le dírialáil in earnálacha sonracha i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 10** maidir leis an earnáil fuinnimh, tháinig an dlí maidir le trasuí an phacáiste comhtháthaithe leictreachais i bhfeidhm agus glacadh an clár eacnamaíoch spriocdhírithe stáit chun nuachóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair giniúna teasa le linn na tréimhse go dtí 2030.

Mar chuid de **Chaibidil 12** maidir leis an earnáil agraibhia, foilsíodh an tuarascáil maidir le cur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí.

Mar chuid de **Chaibidil 13** maidir le hamhábhair chriticiúla a bhainistiú, foilsíodh staidéar ar an reachtaíocht maidir le tuairisciú comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

Mar chuid de **Chaibidil 14** maidir leis an gclaochlú digiteach, tháinig an gníomh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 15** maidir leis an aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil, glacadh an rún maidir leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin.

**Céim 2.6**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Glacadh na straitéise meántéarmaí um bainistiú fiachais stáit |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 3. Feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais phoiblí |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 2.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*An straitéis mheántéarmach um bainistiú fiachais stáit (MTDS) le haghaidh 2026-2028 a ghlacadh. Leis an MTDS dírítear ar na príomhréimsí seo:*<br>- *anailís ar struchtúr agus treochtaí reatha an fhiachais náisiúnta;*<br>- *spriocanna chun inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú;*<br>- *bearta chun margadh fiachais cheannasaigh intíre a fhorbairt.*<br>Is é Céim 2.6 an t-aon chéim amháin i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 2 (bainistíocht airgeadais phoiblí). |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Rún Uimh. 1716 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Formheas na Straitéise Meántéarmaí um Bainistiú Fiachais Phoiblí le haghaidh 2026-2028' dar dáta an 24 Nollaig 2025;<br>(3) Cóip den 'Straitéis Mheántéarmach um Bainistiú Fiachais Phoiblí le haghaidh 2026-2028' mar cheangaltán le Rún Uimh. 1716 an 24 Nollaig 2025. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 2.6.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 trédhearcacht an bheartais maidir le bainistiú fiachais stáit a mhéadú agus éifeachtúlacht an bhainistithe fiachais stáit a mhéadú.<br><br>Leis an Straitéis Mheántéarmach um Bainistiú Fiachais Phoiblí le haghaidh 2026-2028, bunaítear creat chun fiachas poiblí na hÚcráine a bhainistiú, lena ndírítear ar inbhuanaitheacht fiachais, ar bhainistiú riosca, agus ar acmhainn mhaoinithe intíre a fhorbairt.<br><br>Leis an anailís ar struchtúr agus treochtaí reatha an fhiachais phoiblí, soláthraítear measúnú cuimsitheach ar éabhlóid fhiachas poiblí na hÚcráine, lena gcuirtear i dtábhacht sciar níos airde de mhaoiniú seachtrach agus lamháltais, neamhchosaint mhéadaithe ar airgeadra eachtrach, agus próifíl aibíochta leathnaithe. Sainaithnítear inti na príomhathruithe struchtúracha atá mar bhonn taca faoin struchtúr fiachais atá ann faoi láthair.<br><br>Leis na spriocanna chun inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, déantar foráil maidir le rochtain ar mhaoiniú lamháltais a choinneáil ar bun agus maidir le hoibríochtaí gníomhacha bainistithe fiachais a chur i bhfeidhm chun rioscaí athmhaoinithe agus costais a mhaolú. Is é an cuspóir atá ann feabhas a chur ar athléimneacht fiachais trí aibíochtaí níos faide agus trí mhéadú de réir a chéile ar mhaoiniú intíre. |

| |
|---|
| Leis na bearta chun an margadh fiachais cheannasaigh intíre a fhorbairt, déantar foráil maidir le hacmhainn mhaoinithe intíre a neartú trí shocruithe eisiúna feabhsaithe, trí bhonneagair mhargaidh a fhorbairt, agus tríd an mbonn infheisteoirí a leathnú. Is é an cuspóir atá ann spleáchas struchtúrach ar mhaoiniú seachtrach a laghdú le himeacht ama. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 2.9**

<table>
<tr><td>Ainm na céime: Glacadh na leasuithe ar an reachtaíocht ábhartha maidir le rialú airgeadais stáit</td></tr>
<tr><td>Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Córas feabhsaithe iniúchóireachta agus rialaithe airgeadais</td></tr>
<tr><td>Arna maoiniú ó: iasacht</td></tr>
<tr><td>Comhthéacs<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 2.9 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>‘Leasuithe ar na rúin ón gComh-Aireacht Airí a ghlacadh agus, más gá, teacht i bhfeidhm reachtaíochta ábhartha eile maidir le rialú airgeadais stáit. Leis na leasuithe sin, dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:<br>- tacaíocht a sholáthar do Sheirbhísí Iniúchóireachta Stáit chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ag an institiúid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe le haghaidh na gcistí a úsáidtear faoi Cholún I den tSaoráid don Úcráin, i gcomhréir le prionsabail na gcaighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta;<br>- bearta a neartú chun faireachán a dhéanamh ar na nósanna imeachta soláthair.’<br><br>Is é Céim 2.9 an t-aon chéim amháin i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 2 (bainistíocht airgeadais phoiblí).</td></tr>
<tr><td>An fhianaise a soláthraíodh<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 6 Meán Fómhair 2024, Uimh. 1031, ‘Maidir le Rúin Leasaitheacha ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 43 an 3 Feabhra 2016, agus Uimh. 1110 an 25 Deireadh Fómhair 2017’;<br>(3) Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 13 Samhain 2025, Uimh. 1473, ‘Maidir le Leasú Rún Áirithe ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Gníomhaíochtaí Comhlachtaí Rialaithe Airgeadais Stáit’;<br>(4) Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 19 Samhain 2025, Uimh. 1483, ‘Maidir le Formheas an Nós Imeachta chun Iniúchadh Airgeadais Stáit a dhéanamh ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Stáit agus a Comhlachtaí Críochacha Idir-Réigiúnacha laistigh de Chreat Chonarthaí Idirnáisiúnta na hÚcráine’;</td></tr>
</table>

| |
|---|
| (5) Cóip d'Ordú Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 3 Nollaig 2025, Uimh. 1390, 'Maidir le Formheas an Treochláir chun Rialú ar Sholáthar Poiblí a Neartú agus maidir le Formheas an Phlean Gníomhaíochta chun é a Chur Chun Feidhme le haghaidh 2025-2027'. |
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 2.9.<br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 5 an córas iniúchóireachta agus rialaithe airgeadais a neartú, go háirithe chun ardleibhéal cosanta a bhaint amach le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh maidir leis na cistí a úsáidtear faoi Cholún I den tSaoráid don Úcráin, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2024/792.<br>Comhlíonadh an chéim sin trí na leasuithe seo a leanas ar rúin ó Chomh-Aireacht na nAirí:<br>Ar an gcéad dul síos, le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1473, leathnaítear cumhachtaí oibríochtúla na Seirbhíse Iniúchóireachta Stáit, lena n-áirítear an t-údarás chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le faighteoirí deiridh, seiceálacha leantacha ar an láthair a dhéanamh agus cigireachtaí a thionscnamh ar bhonn iarrataí ó údaráis eachtracha nó neamhchomhlíonadh tuairiscithe rialacha airgeadais an Aontais.<br>Ar an dara dul síos, le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1483, bunaítear nós imeachta tiomnaithe le haghaidh iniúchtaí airgeadais stáit faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tSaoráid don Úcráin, lena gceanglaítear go gcloífear le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta amhail na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.<br>Ar an tríú dul síos, le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1031, leasaítear rúin bhunúsacha lena rialaítear rialú airgeadais stáit agus ainmnítear an tSeirbhís Iniúchóireachta Stáit mar Sheirbhís Comhordúcháin Frith-Chalaoise (AFCOS), rud lena mbunaítear sásra comhair struchtúrtha le OLAF.<br>Ar an gceathrú dul síos, formheastar le hOrdú Uimh. 1390 Treochlár chun rialú soláthair a neartú le haghaidh 2025-2027, ina leagtar amach bearta nithiúla chun acmhainneacht na Seirbhíse Iniúchóireachta Stáit a fheabhsú, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí fheabhas a chur ar dhigiteáil, faireachán rioscabhunaithe agus comhar idirnáisiúnta.<br>I dteannta a chéile, tugann na gníomhartha dlí sin tacaíocht don tSeirbhís Iniúchóireachta Stáit chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ag an institiúid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe le haghaidh na gcistí a úsáidtear faoi Cholún I den tSaoráid don Úcráin, i gcomhréir le prionsabail na gcaighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta, agus chun bearta a neartú chun faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 3.1**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** 20 % ar a laghad d'fholúntais bhreithiúnacha a líonadh |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Feabhas a chur ar chuntasacht, ar ionracas agus ar ghairmiúlacht na mbreithiúna |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.1 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*Líonfar 20 % ar a laghad de na folúntais bhreithiúnacha a bheidh ar fáil ón 16 Deireadh Fómhair 2023 ar aghaidh (líon iomlán 2 205 phost) ar bhonn reachtaíocht leasaithe, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:*<br>- *céimeanna cuíchóirithe roghnúcháin agus tréimhsí oiliúna breithiúnacha éigeantacha giorraithe;*<br>- *critéir mheasúnaithe agus modheolaíocht scórála a bheidh soiléir agus foilsithe go cuí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil agus ionracas na n-iarrthóirí breithiúnacha;*<br>- *rannpháirtíocht na Comhairle um Ionracas Poiblí maidir le measúnú a dhéanamh ar ionracas na n-iarrthóirí breithiúnacha nuair is gá sin de réir an dlí.'*<br><br>Is í Céim 3.1 an dara céim de na sé chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach), mar aon le Céim 3.2 maidir le teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear cúirt nua chun cásanna riaracháin a éisteacht. Roimhe sin bhí Céim 3.5 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéantar athbhreithniú ar dhearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus ar a bpróiseas fíorúcháin, rud atá fós gan chomhlíonadh ó R2 2025. Ina dhiaidh sin tá Céim 3.15 (atá le comhlíonadh faoi R4 2026) maidir le hoibríochtú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe agus na Cúirte Riaracháin Achomhairc Speisialaithe. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóipeanna de chinntí Uachtarán na hÚcráine maidir le breithiúna a cheapadh chuig cúirteanna áitiúla agus cúirteanna ar leibhéal achomhairc;<br>(3) Cóipeanna den mhíniú ar rannpháirtíocht na Comhairle um Ionracas Poiblí;<br>(4) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 3511-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir leis an gCóras Breithiúnach agus Stádas na mBreithiúna" agus Roinnt Gníomhartha Reachtacha de chuid na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta na Gairme Breithiúnaí a Fheabhsú' dar dáta an 9 Nollaig 2023;<br>(5) Cóip den Chinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna lena leasaítear na rialacháin maidir le comórtas a reáchtáil d'fholúntas breithimh Uimh. 72/zp-24 dar dáta an 29 Feabhra 2024;<br>(6) Cóip den Chinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 95/zp-23 an 14 Meán Fómhair 2023 (iomaíocht le haghaidh breithiúna i gcúirteanna áitiúla);<br>(7) Cóip den Chinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 94/zp-23 an 14 Meán Fómhair 2023, arna leasú le Cinneadh an 14 Nollaig 2023 (iomaíocht le haghaidh breithiúna sna cúirteanna achomhairc). |

| **Anailís** |
|---|
| Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.1.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 1 cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú agus muinín an phobail as na breithiúna a chothú trí thús a chur arís le roghnú trédhearcach na mbreithiúna ar bhonn fiúntais, trí bhorradh a chur faoin meastóireacht cháilíochta a dhéantar ar bhreithiúna ina suí, tríd an gcóras freagrachta araíonachta a neartú, uirlisí um ionracas breithiúnach atá ann cheana a threisiú, agus cúirt nua a bhunú chun cásanna riaracháin a bhainfidh le gníomhaireachtaí stáit a éisteacht.<br><br>An 9 Nollaig 2023, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí na hÚcráine Uimh. 3511-IX *'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir leis an gCóras Breithiúnach agus Stádas na mBreithiúna" agus Roinnt Gníomhartha Reachtacha de chuid na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta na Gairme Breithiúnaí a Fheabhsú'* lenar cuíchóiríodh na céimeanna roghnúcháin agus lenar giorraíodh tréimhsí oiliúna breithiúnacha éigeantacha. Thairis sin, leagtar amach sa Chinneadh ón Ard-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 72/zp-24 critéir mheasúnaithe agus modheolaíocht scórála atá soiléir agus foilsithe go cuí.<br><br>I gcomhréir leis an reachtaíocht leasaithe, an 14 Meán Fómhair 2023 d'fhógair an tArd-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna comórtas le haghaidh 560 breitheamh i gcúirteanna áitiúla agus comórtas eile le haghaidh 550 breitheamh i gcúirteanna achomhairc. Ar bhonn thorthaí na gcomórtas, tráth an tuairiscithe, chuir an tArd-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna moltaí isteach maidir le 393 iarrthóir lena gceapadh mar bhreithiúna i gcúirteanna áitiúla agus 178 n-iarrthóir lena gceapadh mar bhreithiúna i gcúirteanna achomhairc (571 mholadh san iomlán).<br><br>Bhí baint ag an gComhairle um Ionracas Poiblí le measúnú a dhéanamh ar ionracas na n-iarrthóirí i gcás ina gceanglaítear sin leis an dlí.<br><br>Tar éis an chomórtais, thug Ard-Chomhairle na mBreithiúna moltaí maidir leis na breithiúna a roghnaíodh lena gceapadh ag an Uachtarán. Tráth an tuairiscithe, bhí 451 bhreitheamh san iomlán ceaptha ag an Uachtarán chuig cúirteanna áitiúla agus chuig cúirteanna ar leibhéal achomhairc. Comhfhreagraíonn na ceapacháin sin do os cionn 20 % de na 2 205 phost a bhí ar fáil an 16 Deireadh Fómhair 2023.<br><br>Ar bhonn na scarbhileoige a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil ina liostaítear na breithiúna ceaptha uile, tharraing seirbhísí an Choimisiúin sampla de 60 aonad go randamach. I gcás gach aonaid shampláilte, chuir údaráis na hÚcráine naisc ar fáil chuig cinntí Uachtarán na hÚcráine maidir le ceapadh na mbreithiúna, arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil Oifig an Uachtaráin. Deimhníodh san anailís ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil gur ceapadh an 60 breitheamh uile sna folúntais i gcúirteanna áitiúla agus i gcúirteanna ar leibhéal achomhairc. Dá bhrí sin, measadh gur éirigh leis an gcleachtadh samplála agus gur comhlíonadh an ceanglas. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 3.3**

**Ainm na céime:** Socrú/breithniú 20 % de sheanchásanna araíonachta nár breithníodh roimh dheireadh na bliana 2023

**Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Feabhas a chur ar chuntasacht, ar ionracas agus ar ghairmiúlacht na mbreithiúna

**Arna maoiniú ó:** iasacht

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'*Déanfar 20 % de na sean-imeachtaí araíonachta (gearáin) nár breithníodh roimh an 31 Nollaig 2023 a réiteach/a bhreithniú i gcomhar le rannpháirtíocht Sheirbhís na gCigirí Araíonachta agus ar bhonn na gcritéar chun tús áite a thabhairt do bhreithniú ar ghearáin araíonachta, dá bhforáiltear i gclásal 13.7 de Rialacha Nós Imeachta na hArd-Chomhairle Breithiúnais (arna leasú an 21 Samhain 2023, Uimh. 1068/0/15-23) atá foilsithe ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hArd-Chomhairle Breithiúnais.'*

Is í Céim 3.3 an ceathrú céim de na sé chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Cuirtear chun feidhme í i gcomhthráth le Céim 3.4 maidir le 50 % den mheastóireacht cháilíochta ar bhreithiúna a chur i gcrích. Roimhe sin bhí Céim 3.2 ann maidir le bunú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe agus na Cúirte Riaracháin Achomhairc Speisialaithe, a ndearnadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den 6ú hiarraidh ar íocaíocht (R3 2025) agus Céim 3.5 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéantar athbhreithniú ar dhearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus ar a bpróiseas fíorúcháin atá fós gan chomhlíonadh ó R2 2025 agus Céim 3.1 maidir le 20 % ar a laghad d'fholúntais bhreithiúnacha a líonadh ó R3 2025, a ndearnadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den iarraidh seo ar íocaíocht. Ina dhiaidh sin tá Céim 3.15 (atá le comhlíonadh faoi R4 2026) maidir le hoibríochtú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe agus na Cúirte Riaracháin Achomhairc Speisialaithe.

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
(2) Cóip de chinneadh Uimh. 3582/0/15-24 ón Ard-Chomhairle Breithiúnais 'Maidir le tús obair Sheirbhís na gCigirí Araíonachta den Ard-Chomhairle Breithiúnais' dar dáta an 10 Nollaig 2024;
(3) Cóipeanna de na cinntí maidir le gearáin shocraithe ón Ard-Chomhairle Breithiúnais, a bhuí le rannpháirtíocht Sheirbhís na gCigirí Araíonachta.

| |
|---|
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.3.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 1 cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú agus muinín an phobail as na breithiúna a chothú trí thús a chur arís le roghnú trédhearcach na mbreithiúna ar bhonn fiúntais, trí bhorradh a chur faoin meastóireacht cháilíochta a dhéantar ar bhreithiúna ina suí, tríd an gcóras freagrachta araíonachta a neartú, uirlisí um ionracas breithiúnach atá ann cheana a threisiú, agus cúirt nua a bhunú chun cásanna riaracháin a bhainfidh le gníomhaireachtaí stáit a éisteacht.<br><br>Bunaíodh Seirbhís na gCigirí Araíonachta mar aonad struchtúrach neamhspleách faoin Ard-Chomhairle Breithiúnais le cinneadh Uimh. 3582/0/15-24 ón Ard-Chomhairle Breithiúnais 'Maidir le tús obair Sheirbhís na gCigirí Araíonachta den Ard-Chomhairle Breithiúnais' dar dáta an 10 Nollaig 2024. Leis an gcinneadh, tugtar sainordú do Sheirbhís na gCigirí Araíonachta gearáin araíonachta in aghaidh breithiúna a phróiseáil. Cuireadh tús le hoibríochtaí Sheirbhís na gCigirí Araíonachta an 23 Nollaig 2024. Tá sé comhdhéanta de cheann, leascheann agus cigirí araíonachta.<br><br>Amhail ón 31 Nollaig 2023, bhí 12 106 ghearán araíonachta gan réiteach ag an Ard-Chomhairle Breithiúnais. I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil a bhí i bhfeidhm an tráth sin, lean an Ard-Chomhairle Breithiúnais de na cásanna sin a bhreithniú le linn 2024, go dtí bunú Sheirbhís na gCigirí Araíonachta. Nuair a thosaigh Seirbhís na gCigirí Araíonachta ag oibriú, ón 23 Nollaig 2024 go dtí an 22 Eanáir 2025, aistríodh 10 906 seanghearán araíonachta ón Ard-Chomhairle Breithiúnais chuig cigirí araíonachta trí chóras dáileacháin uathoibrithe. As na gearáin sin, cuireadh 6 054 faoi bhráid na hArd-Chomhairle Breithiúnais roimh dheireadh 2023, agus, dá bhrí sin, cuireadh 4 852 faoina bráid le linn 2024. Tráth an mheasúnaithe, bhí 2 741 ghearán as na 6 054 ghearán a cuireadh isteach roimh an 31 Nollaig 2023 socraithe a bhuí le rannpháirtíocht Sheirbhís na gCigirí Araíonachta. Comhfhreagraíonn sé sin do 23 % de na seanchásanna nár breithníodh amhail an 31 Nollaig 2023. Na critéir maidir le tús áite a thabhairt do bhreithniú ar ghearáin araíonachta, dá bhforáiltear i gclásal 13.7 de Rialacha Nós Imeachta na hArd-Chomhairle Breithiúnais, cuireadh iad i bhfeidhm agus cásanna á bpróiseáil.<br><br>Ar bhonn na scarbhileoige a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil ina liostaítear na gearáin réitithe uile, tharraing seirbhísí an Choimisiúin sampla de 60 aonad go randamach. I gcás gach aonaid shampláilte, chuir údaráis na hÚcráine naisc ar fáil chuig na cinntí maidir leis na gearáin araíonachta, arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil Oifig an Uachtaráin. Deimhníodh san anailís ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil gur socraíodh gach ceann de na 60 gearán a bhuí le rannpháirtíocht Sheirbhís na gCigirí Araíonachta. Dá bhrí sin, measadh gur éirigh leis an gcleachtadh samplála agus gur comhlíonadh an ceanglas. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 3.4**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Tabhairt i gcrích na meastóireachta cáilíochta (grinnfhiosrúchán) i dtaobh 50 % de na breithiúna nach ndearnadh an mheastóireacht orthu roimh an 30 Meán Fómhair 2016 |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Feabhas a chur ar chuntasacht, ar ionracas agus ar ghairmiúlacht na mbreithiúna |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*Cuirfear an mheastóireacht cháilíochta (grinnfhiosrúchán) i gcrích i ndáil le 50 % de na breithiúna a raibh orthu dul faoin meastóireacht fós an 30 Meán Fómhair 2016 i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá bunaithe agus i gcomhar leis an gComhairle um Ionracas Poiblí.'*<br><br>Is é Céim 3.4 an cúigiú céim de na sé chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Cuirtear chun feidhme í i gcomhthráth le Céim 3.3 maidir le socrú/breithniú 20 % de sheanchásanna araíonachta nár breithníodh roimh dheireadh 2023, agus Céim 3.1 maidir le 20 % ar a laghad d'fholúntais bhreithiúnacha a líonadh, a bhí gan chomhlíonadh in R3 2025. Roimhe sin bhí Céim 3.5 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéantar athbhreithniú ar dhearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus ar a bpróiseas fíorúcháin, atá fós gan chomhlíonadh ó R2 2025, agus Céim 3.2 maidir leis an dlí lena mbunaítear cúirt nua chun cásanna riaracháin a éisteacht, a comhlíonadh in R3 2025. Ina dhiaidh sin tá Céim 3.15 ann lena gceanglaítear ar an gcúirt nua cásanna riaracháin a éisteacht, atá le bheith oibríochtúil in R4 2026. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Litir ón Ard-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 28-5719/24 dar dáta an 11 Deireadh Fómhair 2024;<br>(3) Litir ón Ard-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 28-1624/26 dar dáta an 17 Márta 2026.<br>(4) Cóipeanna de chinntí an Ard-Choimisiúin maidir le Cáilíocht na mBreithiúna maidir le measúnachtaí cáilíochta a chríochnú. |

| **Anailís** |
|---|
| Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.4.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 1 cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú agus muinín an phobail as na breithiúna a chothú trí thús a chur arís le roghnú trédhearcach na mbreithiúna ar bhonn fiúntais, trí bhorradh a chur faoin meastóireacht cháilíochta a dhéantar ar bhreithiúna ina suí, tríd an gcóras freagrachta araíonachta a neartú, uirlisí um ionracas breithiúnach atá ann cheana a threisiú, agus cúirt nua a bhunú chun cásanna riaracháin a bhainfidh le gníomhaireachtaí stáit a éisteacht.<br><br>Amhail ón 30 Meán Fómhair 2016, ceanglaíodh ar 6 958 mbreitheamh san iomlán i gcóras cúirte na hÚcráine dul faoin measúnú cáilíochta (grinnfhiosrúchán). Mar thoradh air sin, éilítear leis an táscaire go dtabharfar an próiseas grinnfhiosrúcháin i gcrích le haghaidh 3 479 mbreitheamh. I gcomhréir leis na nósanna imeachta seanbhunaithe, chuir an tArd-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna measúnú i gcrích ar 3 350 breitheamh, ar deimhníodh iad a bheith cáilithe dá bpoist nó nár chomhlíon an post a bhí acu. Ina theannta sin, thuairiscigh an tArd-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna gur dhiúltaigh 29 de na breithiúna dul faoin measúnú; comhdaíodh aighneacht maidir le dífhostú sna cásanna sin. I 977 gcás eile, cuireadh deireadh leis an measúnú cáilíochta agus é faoi lán seoil ar chúiseanna nach raibh ag brath ar an Ard-Choimisiún maidir le Cáilíocht na mBreithiúna, mar gheall go príomha ar éirí as nó scor breithiúna. Bhí baint ag an gComhairle um Ionracas Poiblí leis an measúnú i gcás ina raibh sainordú dlíthiúil ann. Agus na cásanna sin á gcur san áireamh, breithníodh 4 356 chás breithiúna san iomlán.<br><br>Cé go bhfuil diall íosta idir líon na mbreithiúna a chuir an grinnfhiosrúchán i gcrích go hiomlán faoi thráth an tuairiscithe agus an sprioc uimhriúil a leagtar síos leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, baineadh amach cuspóir foriomlán an táscaire seo. Ina theannta sin, ba iad na himthosca nach raibh faoi rialú an Ard-Choimisiúin maidir le Cáilíocht na mBreithiúna ba chúis le tabhairt i gcrích luath an mheasúnaithe ar roinnt breithiúna.<br><br>Ar bhonn scarbhileoige a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil, inar liostaíodh na 3350 breitheamh uile a raibh an grinnfhiosrúchán curtha i gcrích go hiomlán acu, roghnaigh seirbhísí an Choimisiúin sampla de 60 cás go randamach. I gcás gach ceann díobh sin, chuir na húdaráis naisc ar fáil chuig cinntí foilsithe an Ard-Choimisiúin maidir le Cáilíocht na mBreithiúna ar a shuíomh gréasáin oifigiúil. Deimhníodh le scrúdú ar an bhfianaise go raibh an próiseas grinnfhiosrúcháin curtha i gcrích ag gach ceann de na 60 breitheamh sa sampla. Dá bhrí sin, measadh gur éirigh leis an gcleachtadh samplála. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 3.8**

**Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú cinntí cúirte a bhainfidh le hoibleagáidí airgeadaíochta agus neamh-airgeadaíochta agus maidir leis an digiteáil

**Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. Athchóirithe dócmhainneachta agus forfheidhmiú cinntí cúirte

**Arna maoiniú ó:** iasacht

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'*Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte a bhainfidh le hoibleagáidí airgeadaíochta agus neamh-airgeadaíochta agus digiteáil bhreise a dhéanamh ar imeachtaí forfheidhmiúcháin.'*

Is é Céim 3.8 an dara céim de na cúig chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Roimhe sin bhí Céim 3.6 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le feabhas a chur ar an gcóras dócmhainneachta, a ndearnadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den 3ú hiarraidh ar íocaíocht (R4 2024). Ina dhiaidh sin tá Céim 3.9 ann (atá le comhlíonadh faoi R4 2025) ar dá réir atá córas bailithe sonraí oibríochtúil ann maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte.

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
(2) Cóip de Dhlí Uimh. 4833-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine i ndáil le hImeachtaí Forfheidhmiúcháin a Shimpliú trí Dhigiteáil';
(3) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4094-IX 'Maidir le Feabhas a chur ar Rialú Breithiúnach ar Fhorfheidhmiú Breithiúnas Cúirte', dar dáta an 21 Samhain 2024.

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.8.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 feabhas a chur ar nósanna imeachta um dhócmhainneacht agus um fhorfheidhmiú tríd an reachtaíocht ábhartha a ailíniú le *acquis* an Aontais agus trí acmhainneachtaí institiúideacha agus acmhainneachtaí eile a fhothú chun í a chur i bhfeidhm i gceart. Chuige sin, ghlac parlaimint na hÚcráine Dlí na hÚcráine Uimh. 4833-IX '*Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhorfheidhmiú, Cinntí ó Chomhlachtaí Eile agus Digiteáil Céimeanna Áirithe d'Imeachtaí Forfheidhmiúcháin*' an 7 Aibreán 2026 agus Dlí Uimh. 4094-IX na hÚcráine '*Maidir le Feabhas a chur ar Rialú Breithiúnach ar Fhorfheidhmiú Breithiúnas Cúirte*', an 21 Samhain 2024.

Le Dlí Uimh. 4833-IX cuirtear feabhas ar dhigiteáil na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin agus meastar go mbeidh forfheidhmiú cinntí cúirte níos tapúla agus níos éifeachtaí dá bharr. Tá coinne leis go gcuirfidh Dlí Uimh. 4833-IXIX feabhas go háirithe ar fhorfheidhmiú cinntí cúirte airgeadaíochta trí leasuithe a thabhairt isteach ar phróiseas foriaimh maoine, trí uathoibriú céimeanna áirithe de nósanna imeachta um fhorfheidhmiú agus trí fhíorú shócmhainní na bhféichiúnaithe a fheabhsú. Tá coinne leis go gcuirfidh an dlí feabhas ar bhailiú fiach, agus coimircí á gcur ar fáil an tráth céanna d'fhéichiúnaithe, amhail srianta ar urghabháil na háite cónaithe aonair.

Le Dlí Uimh. 4833-IX déantar foráil maidir le huasghráduithe ar phríomh-chomhpháirteanna an bhonneagair forfheidhmithe dhigitigh agus cuirtear feabhas ar an idirghníomhaíocht idir oifigigh forfheidhmithe agus comhlachtaí rialtais, bainc, institiúidí airgeadais, agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc. Cuirtear feabhas leis ar fheidhmiú an Chórais Uathoibrithe um Imeachtaí Forfheidhmiúcháin, lena n-éascaítear bainistiú doiciméad leictreonach. Le feidhmeanna nua an Chórais Uathoibrithe um Imeachtaí Forfheidhmiúcháin, cuirtear feabhas ar an malartú faisnéise le bainc agus le hinstitiúidí airgeadais. Tugtar isteach leis an dlí freisin idirghníomhaíocht uathoibríoch le cláir stáit eile. Tugtar isteach athruithe freisin ar Chlár Aontaithe na bhFéichiúnaithe, ina bhfuil faisnéis faoi oibleagáidí gan íoc na bhféichiúnaithe, idir eintitis dhlíthiúla agus daoine aonair, agus atá ceaptha chun coimhthiú maoine a chosc. Foráiltear le dlí Uimh. 4833-IX nach mbeidh féichiúnaithe atá liostaithe i gClár Aontaithe na bhFéichiúnaithe in ann idirbhearta áirithe a thabhairt i gcrích, amhail gealltán a chlárú ar a réadmhaoin, ach amháin i gcásanna dá bhforáiltear leis an dlí. Chun na críche sin, beidh sé éigeantach stádas féichiúnaí a fhíorú i gcás idirbhearta áirithe. An tráth céanna, éiríonn an próiseas chun deireadh a chur leis na srianta ar mhaoin an fhéichiúnaí níos uathoibríche agus níos trédhearcaí. Le Dlí Uimh. 4833-IX tugtar isteach freisin idirghníomhaíocht idir Clár na bhFéichiúnaithe agus cláir stáit eile, rud lena gcuirtear uirlisí breise ar fáil d'oifigigh forfheidhmiúcháin chun sócmhainní féichiúnaithe a rianú.

Le forálacha críochnaitheacha Dhlí Uimh. 4833-IX tugtar isteach cur chuige céimnithe maidir le cur i bhfeidhm na rialacha nua, agus tagann an dlí i bhfeidhm an 24 Aibreán 2026, agus ní bheidh feidhm ag príomhchorp an dlí ach 6 mhí ó dháta an fhoilsithe d'fhonn na hathruithe is gá ar na córais TF a chur chun feidhme chun na forálacha nua a chur i bhfeidhm.

Tháinig Dlí Uimh. 4094-IX i bhfeidhm an 19 Nollaig 2024. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar an rialú ar fhorfheidhmiú cinntí cúirte i gcásanna riaracháin. Cuirfear feabhas leis freisin ar fhorfheidhmiú catagóirí áirithe éileamh in imeachtaí sibhialta agus tráchtála. Tá coinne leis, a bhuí lena fhorálacha, go gcuirfear feabhas ar fhorfheidhmiú oibleagáidí neamhairgeadaíochta den chuid is mó. Tugtar isteach leis an dlí an fhéidearthacht don chúirt tuarascáil a éileamh maidir le forfheidhmiú an chinnidh. Sonraítear ann freisin fíneálacha as neamh-fhorfheidhmiú cinntí cúirte agus foráiltear ann, i gcás inar comhlacht coláisteach é an féichiúnaí, go bhféadfar fíneáil a ghearradh ar gach comhalta den chomhlacht nár áirithigh forfheidhmiú an chinnidh cúirte a bhí laistigh dá n-údarás. Tugtar isteach leis freisin an fhéidearthacht don chreidiúnaí iarraidh a chur faoi bhráid na cúirte chun an modh forfheidhmiúcháin a athrú, má mhainníonn an féichiúnaí cinneadh na cúirte a fhorfheidhmiú.

**Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil

**Céim 3.9**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Beidh córas bailithe sonraí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte i bhfeidhm |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. Athchóirithe dócmhainneachta agus forfheidhmiú cinntí cúirte |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.9 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*Beidh córas bailithe sonraí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte i bhfeidhm.*'<br><br>Is í Céim 3.9 an tríú céim de na cúig chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Roimhe sin bhí Céim 3.6 ann maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le feabhas a chur ar an gcóras dócmhainneachta, a ndearnadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den 3ú hiarraidh ar íocaíocht (R4 2024) agus Céim 3.8 maidir le teacht i bhfeidhm an dlí maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte a bhaineann le hoibleagáidí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta agus digiteáil breise na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin, gan íoc ón gcúigiú tráthchuid (R2 2025) agus a ndearnadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den iarraidh reatha ar íocaíocht. Ina dhiaidh sin tá Céim 3.7 ann (atá le comhlíonadh faoi R1 2026) maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta le haghaidh nósanna imeachta dócmhainneachta simplithe do Mhicrifhiontair agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Céim 3.10 (atá le comhlíonadh faoi R2 2026) ar dá réir atá córas TF uasghrádaithe oibríochtúil ann chun cinntí cúirte a fhorfheidhmiú. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Nasc chuig an deais ar shuíomh gréasáin na hAireachta Dlí agus Cirt: https://minjust.gov.ua/other/data_collection_system_on_enforcement_proceedings;<br>(3) Cóip den ordú ó Státrúnaí na hAireachta Dlí agus Cirt maidir leis na bearta chun Céim 3.9 de Phlean na hÚcráine a chur chun feidhme. |
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.9.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 feabhas a chur ar nósanna imeachta um dhócmhainneacht agus um fhorfheidhmiú tríd an reachtaíocht ábhartha a ailíniú le *acquis* an Aontais agus trí acmhainneachtaí institiúideacha agus acmhainneachtaí eile a fhothú chun í a chur i bhfeidhm i gceart. Chuige sin, d'fhorbair an Aireacht Dlí agus Cirt córas bailithe sonraí ina dtiomsaítear sonraí maidir le himeachtaí forfheidhmiúcháin.<br><br>Tá an córas bailithe sonraí ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na hAireachta Dlí agus Cirt agus tá sé bunaithe ar staidreamh oifigiúil. Cuirtear faisnéis staidrimh ar fáil ann maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte de réir catagóirí éagsúla cinntí. Cuirtear faisnéis ar fáil ann freisin maidir le gníomhaíochtaí oifigeach forfheidhmithe poiblí agus príobháideach agus maidir le forfheidhmiú chinntí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.<br><br>Tiomsaíonn an córas faisnéis ó fhoinsí éagsúla agus cuireann sé ar fáil ar an ardán poiblí í. Le rochtain níos fearr ar an bhfaisnéis sin, tá coinne leis go gcuirfear feabhas ar cheapadh beartais fianaisebhunaithe agus ar ghrinnscrúdú poiblí ar fhorfheidhmiú cinntí cúirte. |

| |
|---|
| Tá sé beartaithe ag an Aireacht Dlí agus Cirt an córas a uasghrádú a thuilleadh ar bhonn taithí agus aiseolas ó úsáideoirí tar éis na chéad mhíonna d'oibriú an chórais nua. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 5.6**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le feabhas a chur ar an rialáil stáit maidir le margaí caipitil agus margaí eagraithe tráchtearraí |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 4. Acmhainneacht fheabhsaithe an údaráis um maoirseacht airgeadais |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 5.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br>*'Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le feabhas a chur ar rialáil stáit le haghaidh margaí caipitil agus margaí tráchtearraí eagraithe, agus é a ailíniú le caighdeáin IOSCO. Tagraíonn sé sin do chumas an Choimisiúin Náisiúnta um Urrúis agus Stocmhargadh (NSSMC) feidhmiú saor ó thionchar seachtrach, go háirithe ó bhrúnna polaitiúla nó tionscail, cinntí a dhéanamh bunaithe ar an dlí agus ar leas is fearr shláine an mhargaidh agus cosanta infheisteoirí, seachas ar leasanna seachtracha, agus sásraí forfheidhmiúcháin láidre agus comhar idirnáisiúnta a bheith acu.'*<br>Is é Céim 5.6 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 i gCaibidil 5 (caipiteal daonna). |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 3585-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir le Rialáil Stáit ar Mhargaí Caipitil agus ar Mhargaí Tráchtearraí Eagraithe" agus Gníomhartha Reachtacha Áirithe eile de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar Rialáil Stáit agus ar Mhaoirseacht ar Mhargaí Caipitil agus ar Mhargaí Tráchtearraí Eagraithe', dar dáta an 22 Feabhra 2024. |
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 5.6.<br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 feabhas a chur ar an rialáil stáit le haghaidh margaí caipitil agus margaí tráchtearraí eagraithe.<br>Chuige sin, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí na hÚcráine Uimh. 3585-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir le Rialáil Stáit ar Mhargaí Caipitil agus ar Mhargaí Tráchtearraí Eagraithe" agus Gníomhartha Reachtacha Áirithe eile de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar Rialáil Stáit agus ar Mhaoirseacht ar Mhargaí Caipitil agus ar Mhargaí Tráchtearraí Eagraithe', an 22 Feabhra 2024. Tháinig an Dlí i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2024, ach tháinig forálacha áirithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, go háirithe na forálacha sin maidir le roghnú iomaíoch an Chathaoirligh agus na gCoimisinéirí, na srianta is infheidhme maidir le fostaithe an Choimisiúin Náisiúnta um Urrúis agus Stocmhargadh (NSSMC), stádas daoine údaraithe, cumhachtaí neartaithe imscrúdúcháin agus smachtbhannaí, rialacha nós imeachta le haghaidh imeachtaí forfheidhmiúcháin, chomh maith le forálacha maidir le heagraíochtaí féinrialála agus drochúsáid mhargaidh a chomhrac. |

| |
|---|
| I ndáil le Prionsabail IOSCO a bhaineann leis an Rialtóir (Prionsabail 1-8), sainítear leis an dlí sainordú agus freagrachtaí NSSMC (Prionsabal 1) agus soláthraítear coimircí leis maidir le neamhspleáchas oibríochtúil agus cuntasacht i bhfeidhmiú a fheidhmeanna (Prionsabal 2), lena n-áirítear cosaint ar thionchar seachtrach neamhdhleathach i ngníomhaíochtaí maoirseachta, cigireachta agus forfheidhmiúcháin. Bunaítear leis an bonn go dtabharfar cumhachtaí leordhóthanacha, acmhainní leordhóthanacha agus acmhainneacht leordhóthanach do NSSMC chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh (Prionsabal 3), lena n-áirítear ceapadh rialacha, maoirseacht agus forfheidhmiú. Tá an creat rialála bunaithe ar nósanna imeachta soiléire (Prionsabal 4) agus áirítear ann ceanglais maidir le hiompar gairmiúil, rúndacht, agus coinbhleachtaí leasa a chosc, ar ceanglais iad is infheidhme maidir le foireann agus rannpháirtithe sa mhargadh (Prionsabal 5). Leis an Dlí, comhtháthaítear sásraí freisin chun riosca sistéamach a shainaithint agus a mhaolú laistigh de shainordú NSSMC (Prionsabal 6), éilítear athbhreithniú tréimhsiúil ar ghníomhartha rialála agus ar an imlíne rialála (Prionsabal 7), agus déantar foráil maidir le coinbhleachtaí leasa agus mí-ailínithe dreasachta a shainaithint agus a bhainistiú (Prionsabal 8).<br><br>Maidir le Prionsabail IOSCO le haghaidh Féinrialála (Prionsabal 9), déanann NSSMC formhaoirseacht ar eagraíochtaí féinrialála, atá faoi réir maoirseacht rialála agus a gceanglaítear orthu caighdeáin maidir le cothroime agus rúndacht a chomhlíonadh.<br><br>A mhéid a bhaineann le Prionsabail IOSCO maidir le Rialáil Urrús a Fhorfheidhmiú (Prionsabail 10-12), tá cumhachtaí cuimsitheacha maoirseachta, imscrúdaitheacha agus forchuir smachtbhannaí ag NSSMC, lena n-áirítear cigireachtaí, imscrúduithe, torthaí sáruithe, agus cur i bhfeidhm beart forfheidhmiúcháin faoi nósanna imeachta seanbhunaithe.<br><br>Ar deireadh, i gcomhréir le Prionsabail IOSCO le haghaidh Comhair sa Rialáil (Prionsabail 13-15), údaraítear leis an Dlí do NSSMC faisnéis, lena n-áirítear faisnéis rúnda, a mhalartú le contrapháirtithe intíre agus eachtracha agus cúnamh a thabhairt in imscrúduithe agus i ngníomhaíochtaí comhair rialála eile.<br><br>Leis na forálacha sin i dteannta a chéile, réitítear an bealach do NSSMC oibriú saor ó thionchar seachtrach, cinntí a dhéanamh de réir an dlí agus leas is fearr shláine an mhargaidh agus cosanta infheisteoirí, agus sásraí láidre forfheidhmiúcháin agus uirlisí comhair idirnáisiúnta a bheith aige atá comhsheasmhach le caighdeáin IOSCO. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 7.8**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le Bunphrionsabail an Bheartais Tithíochta |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 7. Rochtain ar thithíocht a áirithiú le haghaidh daoine atá i ngátar |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 7.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*'Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine "Maidir le Bunphrionsabail an Bheartais Tithíochta"'. Leis an Dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br>- *ba cheart rochtain ar thithíocht do na catagóirí saoránach is leochailí a bheith ar an bpríomhphrionsabal maidir le tithíocht a sholáthar;*<br>- *sásraí éagsúla tacaíochta a chruthú do shaoránaigh a bhfuil acmhainní airgeadais éagsúla acu agus critéir a chinneadh maidir le rochtain a fháil ar na sásraí sin;*<br>- *an bunús dlí a rialáil chun léas ar thithíocht chomhchoiteann a thabhairt isteach, tithíocht chomhchoiteann a ligean ar léas in éineacht leis an gceart ceannaigh;*<br>- *córas trédhearcach a chruthú chun riachtanais tithíochta na saoránach a chlárú chun freagairt phras a áirithiú ar an leibhéal áitiúil;*<br>- *creat trédhearcach a chruthú chun gur féidir leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus leis an bpobal idirnáisiúnta faireachán a dhéanamh.'*<br><br>Is é Céim 7.8 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 7 i gCaibidil 7 (caipiteal daonna). Ina dhiaidh sin tá Céim 7.9 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an gCiste Tithíochta Sóisialta atá le comhlíonadh in R4 2026. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4751-IX 'Maidir le Bunphrionsabail an Bheartais Tithíochta', dar dáta an 13 Eanáir 2026;<br>(3) Cóip d'fhoilsiú an dlí in Iris Oifigiúil Uimh. 51 dar dáta an 5 Márta 2026. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 7.8.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 7 creat a fhorbairt le haghaidh córas tithíochta sóisialta. Baineann an chéim athchóirithe shonrach sin le reachtaíocht a ghlacadh lena mbunaítear na príomhthosaíochtaí do bheartas tithíochta na hÚcráine, lena n-áirítear rochtain ar thithíocht do na daoine is leochailí. Chuige sin, an 13 Eanáir 2026 ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4751-IX *'Maidir le Bunphrionsabail an Bheartais Tithíochta'*. Tháinig an dlí i bhfeidhm an 6 Márta 2026, tar éis a fhoilsithe san iris oifigiúil an 5 Márta 2026. |

| |
|---|
| Bunaítear leis an dlí *'inrochtaineacht agus tithíocht saor ó bhacainní'* mar phríomhphrionsabal de bheartas tithíochta na hÚcráine. Sainaithnítear ann grúpaí leochaileacha agus grúpaí atá faoi chosaint shóisialta mar thairbhithe tosaíochta agus ráthaítear leis go mbeidh rochtain acu ar thithíocht shóisialta inacmhainne.<br><br>Tugtar isteach leis an dlí raon leathan sásraí tacaíochta airgeadais do dhaoine a bhfuil acmhainneachtaí airgeadais éagsúla acu. Áirítear orthu sin iasachtaí fadtéarmacha fabhracha, fóirdheontais, cúiteamh, léasú, agus *'cíosú maille le rogha ceannaigh*' atá nasctha le hioncam agus le critéir incháilitheachta. Áirítear orthu freisin comharchumainn, sásraí comhpháirtíochta príobháidí poiblí, agus an rogha cead a thabhairt do phobail talamh a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh forbartha chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne.<br><br>Rialaítear leis an dlí an bunús dlí chun tithíocht chomhchoiteann a léasú, lena n-áirítear tithíocht chomhchoiteann a léasú lena ngabhann an ceart ceannaigh. Áirítear leis sin rialáil a dhéanamh ar léasú tithíochta príobháidí agus poiblí, tithíochta cíosa shóisialta, agus tithíochta seirbhíse do ghrúpaí san earnáil phoiblí le linn thréimhse na ndualgas oifigiúil. Tugtar isteach leis ionstraim léasa lena ngabhann an ceart ceannaigh ('*cíosú maille le rogha ceannaigh'*) a chuirfidh ar a gcumas do shaoránaigh, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, an mhaoin atá á léasú acu a chlárú mar a maoin féin tar éis 10 mbliana ar a laghad de léasú. Is príomhchoinníoll é íocaíocht le ciste imrothlach ar phraghas nach lú ná costas tithíochta sóisialta nua d'fhonn tógáil tithíochta sóisialta nua a mhaoiniú. An cíos a íocfar thar an tréimhse 10 mbliana, déanfar é a áireamh sa phraghas sin.<br><br>Cruthaítear leis an dlí córas trédhearcach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin stoc tithíochta agus chun riachtanais tithíochta na saoránach a chlárú trí *'Chóras Aontaithe um Fhaisnéis agus Anailísíocht Tithíochta'* a bhunú. Oibreoidh an córas mar mhol faisnéise digití aonair a chomhcheanglóidh sonraí in aon áit amháin agus a idirghníomhóidh go huathoibríoch le cláir stáit eile.<br><br>Tugtar isteach leis an dlí *'Córas Aontaithe um Fhaisnéis agus Anailísíocht Tithíochta'* lena n-éascófar faireachán ag an bpobal, ag an tsochaí shibhialta agus ag an bpobal idirnáisiúnta. Leis an gcóras, clárófar riachtanais tithíochta agus baileofar agus soláthrófar faisnéis oscailte maidir leis an stoc tithíochta ar bhealach trédhearcach. Áireofar leis sin na scuainí árasán uile a dhigiteáil agus sonraí a chur ar fáil go poiblí le haghaidh cuardaigh agus rochtana. Oibreoidh an córas mar mhol digiteach aonair, a chuirfidh na sonraí uile le chéile in aon áit amháin agus a idirghníomhóidh go huathoibríoch le cláir stáit eile, lena n-áirítear cláir thacaíochta atá ar fáil, comharchumainn tithíochta, institiúidí airgeadais agus oibreoirí tithíochta sóisialta. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 8.2**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le dírialáil in earnálacha sonracha |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Timpeallacht rialála fheabhsaithe |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 8.2 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*‘Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le dírialáil agus simpliú coinníollacha gnó. Leis an reachtaíocht dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br>- *nósanna imeachta maidir le ceadanna agus ceadúnais a dhigitiú trí thionscadal turgnamhach a chur chun feidhme maidir le Córas Leictreonach Aontaithe an Stáit maidir le Doiciméid Cheada a thabhairt isteach;*<br>- *cigireachtaí gnó a laghdú trí árachas agus iniúchadh deonach a thabhairt isteach;*<br>- *an tsaincheist maidir le comharbas dlíthiúil doiciméad ceada agus ceadúnas a shocrú i gcás ina n-athraítear foirm eagraíochtúil agus dhlíthiúil eintitis ghnó.’*<br><br>Is é Céim 8.2 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 i gCaibidil 8 (timpeallacht ghnó). Leanann sé Céim 8.1 maidir le glacadh an Phlean Gníomhaíochta maidir le dírialáil. Bhí Céim 8.1 le comhlíonadh in R4 2024 agus rinneadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den tríú tráthchuid. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br>1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>2. Cóip de Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 795 ‘Maidir le cur chun feidhme na chéad chéime den treoirthionscadal maidir le Córas Leictreonach Aontaithe an Stáit i ndáil le Ceadanna a thabhairt isteach’ dar dáta an 5 Iúil 2024;<br>3. Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4017-IX ‘Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine i ndáil le Glacadh Dhlí na hÚcráine “Maidir leis an Nós Imeachta Riaracháin”’ dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2024;<br>4. Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4196-IX ‘Maidir leis na sonraíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí comhlachas eintiteas dlítheanach a rialáil agus gníomhaíochtaí eintiteas dlítheanach de chineálacha eagraíochtúla agus dlíthiúla áirithe a rialáil san idirthréimhse’ dar dáta an 9 Eanáir 2025;<br>5. Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4840-IX ‘Maidir le Bunphrionsabail na Maoirseachta Stáit (Rialú)’, dar dáta an 8 Aibreán 2026. |

| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 8.2.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 feabhas a chur ar an timpeallacht rialála trí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a dhigitiú, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le dírialáil in earnálacha sonracha.<br><br>Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Rún Uimh. 795 an 5 Iúil 2024, lena bhformheastar treoirthionscadal chun Córas Leictreonach Aontaithe an Stáit maidir le Ceadanna (e-Dozvil) a thabhairt isteach. Ainmnítear an Aireacht Geilleagair sa rún sin mar chomhordaitheoir tionscadail agus leagtar amach ann freagrachtaí sonracha na n-aireachtaí agus na gcomhlachtaí poiblí ábhartha maidir le nósanna imeachta ceada a dhigitiú. Trí cheanglais theicniúla chaighdeánaithe agus sreafaí oibre caighdeánaithe a bhunú, tá sé d'aidhm ag an treoirthionscadal ceadúnú gnó a chuíchóiriú trí thairseach Diia agus tá sé le cur i gcrích laistigh de 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rúin.<br><br>Chun saincheist chomharbas dlíthiúil na gceadanna agus na gceadúnas a rialáil, i gcásanna athruithe ar fhoirm dhlíthiúil na n-eintiteas gnó, glacadh sraith leasuithe reachtacha. Le Dlí na hÚcráine Uimh. 4017-IX, a tháinig i bhfeidhm an 15 Samhain 2024, comhchuibhítear na córais náisiúnta um cheadú agus um cheadúnú leis an Dlí maidir leis an Nós Imeachta Riaracháin trína shonrú nach foras é atheagrú — lena n-áirítear cumaisc, aontachais agus claochluithe — chun údaruithe a fhoirceannadh, rud a fhágann gur féidir le comharbaí dlíthiúla leanúint d'oibríochtaí faoi dhoiciméadacht atá ann cheana. Ina theannta sin, bunaítear le Dlí na hÚcráine Uimh. 4196-IX, a tháinig i bhfeidhm an 28 Feabhra 2025, an creat struchtúrach le haghaidh nuachóiriú sainordaitheach eintiteas dlítheanach leagáide, agus caomhnaítear go sainráite le hAirteagal 14 bailíocht gach ceada agus ceadúnais d'eintitis chomharba go dtí a ndáta éaga bunaidh. I dteannta a chéile, cosnaíonn na gníomhartha reachtacha sin gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar shuaitheadh riaracháin trína áirithiú go n-aistrítear cearta rialála go rianúil le linn aistrithe dlíthiúla.<br><br>Le Dlí na hÚcráine Uimh. 4840-IX, a tháinig i bhfeidhm an 24 Aibreán 2026, aistrítear maoirseacht stáit na hÚcráine go samhail rioscabhunaithe atá ailínithe le caighdeáin Eorpacha. Leis an athchóiriú, tugtar isteach iniúchtaí deonacha lena gcuirtear ar a gcumas do ghnólachtaí easnaimh a cheartú gan smachtbhannaí agus úsáidtear árachas dliteanais shibhialta chun minicíocht na gcigireachtaí a laghdú. I measc na bpríomh-nuashonruithe tá taifeadadh éigeantach fuaime agus físe ar chigireachtaí, toirmeasc ar dhoiciméid nó crua-earraí bunaidh a urghabháil, agus uathoibriú formhaoirseachta trí chóras digiteach rátála riosca. Leis an dlí, aistrítear fócas na maoirseachta stáit ó phionós go timthriall coisctheach faireacháin agus comhlíontachta. |
|---|
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 10.5**

| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le trasuí an phacáiste comhtháthaithe leictreachais |
|---|
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 3. Athchóiriú ar mhargadh an leictreachais |
| **Arna maoiniú le:** tacaíocht neamh-inaisíoctha |

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.5 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

*'Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le trasuí an phacáiste comhtháthaithe leictreachais, lena ndéantar reachtaíocht náisiúnta na hÚcráine a ailíniú leis an bpacáiste comhtháthaithe leictreachais, mar a ionchorpraíodh é in acquis an Chomhphobail Fuinnimh i mí na Nollag 2022. Leis an bpacáiste comhtháthaithe leictreachais, déantar reachtaíocht a chomhfhogasú i gcomhréir leis na gníomhartha agus na cóid ghréasáin agus na treoirlínte seo a leanas:*
*- Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (athmhúnlú)*

*- Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (athmhúnlú);*
*- Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE;*
*- Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú).*
*- leis na cúig Chód Líonra agus Treoirlínte, bunaítear rialacha mionsonraithe a bhaineann le deighleoga margaidh éagsúla agus le hoibríocht an chórais:*

- *Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach;*
- *Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú;*
- *Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromúchán leictreachais;*
- *Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais;*
- *Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais.'*

Is í Céim 10.5 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 10 (an earnáil fuinnimh). Bhain an chéad Chéim 10.8 le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí i ndáil leis an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh. Tar éis Chéim 10.5, tá Céim 10.7 maidir le hoibreoir nua sa mhargadh leictreachais a cheapadh in R4 2025, agus Céim 10.6 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le coinníollacha cánachais rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais a athrú in R2 2026.

| **An fhianaise a soláthraíodh** |
| --- |
| (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4834-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine i ndáil le Cur Chun Feidhme Dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le Comhtháthú an Mhargaidh Fuinnimh, Slándáil an tSoláthair a Fheabhsú, agus Iomaíochas a Chur Chun Cinn san Earnáil Fuinnimh' dar dáta an 7 Aibreán 2026.<br>(3) Cóip den litir ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh chuig Anatolii Kutsevol, Leas-Aire Fuinnimh na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach, maidir le Dlí na hÚcráine Uimh. 4834-IX agus an dul chun cinn maidir le trasuí an Phacáiste Comhtháthaithe Leictreachais, dar dáta an 24 Aibreán 2026. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 10.5.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 feabhas a chur ar an gcreat rialála le haghaidh earnáil an fhuinnimh san Úcráin, lena n-áirítear tacú le comhtháthú mhargaí na hÚcráine agus na hEorpa. Chuige sin, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí na hÚcráine Uimh. 4834-IX, a tháinig i bhfeidhm an 23 Aibreán 2026.<br><br>Thacaigh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh le Parlaimint na hÚcráine tríd an bPacáiste Comhtháthaithe Leictreachais a thrasuí i ndlí na hÚcráine agus thug sí aiseolas cuimsitheach don Choiste inniúil maidir leis an leibhéal comhfhogasaithe is gá le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Le Dlí na hÚcráine Uimh. 4834-IX, déantar reachtaíocht na hÚcráine a chomhfhogasú leis an bpacáiste comhtháthaithe leictreachais, mar a ionchorpraíodh é in acquis an Chomhphobail Fuinnimh i mí na Nollag 2022. Ceanglaítear leis go dtiocfaidh an reachtaíocht thánaisteach (cúig chód gréasáin agus threoirlíne lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir le deighleoga margaidh éagsúla agus le hoibríocht an chórais) i bhfeidhm 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm Dhlí Uimh. 4834-IX na hÚcráine. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 10.13**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Clár eacnamaíoch spriocdhírithe an Stáit a ghlacadh chun nuachóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair giniúna teasa le linn na tréimhse suas le 2030 |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 6. Éifeachtúlacht fheabhsaithe i dtéamh ceantair |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.13 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br>*'Clár eacnamaíoch spriocdhírithe an Stáit a ghlacfaidh an Chomh-Aireacht Airí chun nuachóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair giniúna teasa le linn na tréimhse suas le 2030. Leis an Straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br>- *bearta a shainaithint chun feabhas a chur ar athléimneacht, cáilíocht agus infhaighteacht seirbhísí soláthair teasa;*<br>- *bearta a shainaithint chun tacú le dícharbónú, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le borradh a chur faoi fhoinsí in-athnuaite fuinnimh;*<br>- *bearta a chur ar fáil chun scileanna rialachais agus bainistíochta a neartú le haghaidh údaráis áitiúla in earnáil an téimh ceantair.'*<br>Is í Céim 10.13 an chéad chéim de na trí chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 6 de Chaibidil 10 (an earnáil fuinnimh). Cuirtear chun feidhme í i gcomhthráth le Céim 10.14 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun tacú le téamh ceantair éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a fhorbairt. Ina dhiaidh sin tá Céim 10.12 maidir le cealú an mhoratóra ar tharaifí teasa agus uisce the atá ag ardú, atá le comhlíonadh in R4 2026. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1083-R 'Maidir le Formheas an Chláir Eacnamaíoch Spriocdhírithe Stáit um Nuachóiriú Fuinnimh Fiontar - Táirgeoirí Fuinnimh Theirmigh faoi Úinéireacht Stáit nó Bhardasach le haghaidh na Tréimhse go dtí 2030' dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2025. |

| **Anailís** |
|---|
| Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 10.13.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 6 feabhas a chur ar an earnáil téimh ceantair agus féachaint le hathléimneacht an chórais fuinnimh chomhtháite a neartú, lena n-áirítear déanamh amhlaidh trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála, agus trí thacú le nuachóiriú na gcuideachtaí téimh.<br><br>An Clár Eacnamaíoch Spriocdhírithe Stáit um Nuachóiriú Fuinnimh Fiontar Táirgeachta Fuinnimh Teasa faoi Úinéireacht Stáit nó Bhardasach le haghaidh na tréimhse go dtí 2030, formheasadh é le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1083-R an 1 Deireadh Fómhair 2025.<br><br>Is é is aidhm don chlár éifeachtúlacht an earnáil téimh ceantair a athnuachan agus a mhéadú trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do tháirgeoirí fuinnimh teasa atá faoi úinéireacht stáit nó bhardasach chun sraith beart a chur chun feidhme.<br><br>Áirítear sa chlár bearta a chuideoidh le feabhas a chur ar athléimneacht, cáilíocht agus infhaighteacht seirbhísí soláthair teasa amhail beart 1 maidir le scéimeanna soláthair teasa a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh lonnaíochtaí ina bhfuil os cionn 20 000 áitritheoir. Is é is aidhm do bhearta 2 agus 3 cumhdach 100 % ar mhéadrú tráchtála a bhaint amach chomh maith le fostáisiúin teasa aonair a nuachóiriú. Le bearta 4 agus 5 déantar foráil maidir le nuachóiriú mórscála ar bhonneagar, lena n-áirítear saoráidí téimh a thógáil agus a dheisiú.<br><br>Maidir le tacaíocht i ndáil le dícharbónú, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leathnú foinsí in-athnuaite fuinnimh, is é is aidhm shainráite do bheart 5 dícharbónú a chur chun cinn trí thomhaltas gáis nádúrtha a laghdú agus gás nádúrtha a ionadú agus trí úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a leathnú. Rannchuidíonn bearta 2 agus 3 freisin leis an aidhm astaíochtaí a laghdú mar atá i mbeart 6 maidir le córais bainistíochta fuinnimh.<br><br>Áirítear ar na bearta chun scileanna rialachais agus bainistíochta a neartú d'údaráis áitiúla san earnáil téimh ceantair beart 6 ina bhfuil sé beartaithe córais dheimhnithe bainistíochta fuinnimh a thabhairt isteach ag táirgeoirí fuinnimh teasa, agus beidh údaráis áitiúla, i measc eintiteas eile, i gceannas ar an mbeart. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 13.6**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Staidéar a fhoilsiú maidir leis an reachtaíocht i dtaca le tuairisciú comhshaoil, sóisialta agus rialachais |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 3. Teicneolaíochtaí agus Comhtháthú na hÚcráine i Slabhraí Luacha Próiseála Nua-Aimseartha |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 13.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br>*'Staidéar a fhormhuiniú agus a fhoilsiú ina ndéantar measúnú ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le tuairisciú Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais in earnáil na mianadóireachta agus an eastósctha, agus moltaí á moladh maidir leis na bearnaí reachtacha is gá a líonadh.'*<br>Is í Céim 13.6 an t-aon chéim amháin i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 13 (bainistíocht amhábhar criticiúil). |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip den Staidéar maidir le Ceanglais Tuairiscithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais d'Earnáil Fo-ithreach na hÚcráine. |
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 13.6.<br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 feabhas a chur ar thrédhearcacht a mhéid a bhaineann le cleachtais rialachais comhshaoil, shóisialta agus chorparáideacha in earnáil na n-amhábhar criticiúil.<br>Is staidéar tiomnaithe í an tuarascáil a formhuiníodh agus a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Aireacht Geilleagair na hÚcráine maidir le ceanglais tuairiscithe comhshaoil, shóisialta agus rialachais in earnáil fo-ithreach na hÚcráine.<br>Cuirtear measúnú cuimsitheach ar fáil sa staidéar ar an gcreat rialála atá ann cheana lena rialaítear tuairisciú comhshaoil, sóisialta agus rialachais san earnáil mianadóireachta agus eastóscach. Ina theannta sin, sainaithnítear ann na príomhbhearnaí reachtacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu fós.<br>Cuirtear sraith moltaí nithiúla chun cinn sa staidéar. Áirítear orthu sin reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun ceanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTCI) a ionchorprú de réir a chéile, treoirlínte comhshaoil, sóisialta agus rialachais a athbhreithniú agus a fhorbairt a thuilleadh chun cur chuige soiléir céim ar chéim a sholáthar do chuideachtaí maidir le struchtúrú a dtuarascálacha comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus glacadh na nDeich bPrionsabal Mianadóireachta ón gComhairle Idirnáisiúnta maidir le Mianadóireacht agus Miotail in earnáil fo-ithreach na hÚcráine a spreagadh. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 15.3**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Glacadh an rúin maidir leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. An beartas don athrú aeráide |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 15.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*An rún ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine 'Maidir le Formheas an Rialacháin i dtaca leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin'* a ghlacadh. *Leis an Rialachán dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br>- *breithniú a dhéanamh ar na conclúidí eolaíocha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA), ar thuarascálacha agus ar shonraí agus faisnéis eolaíoch maidir leis an aeráid, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an Úcráin;*<br>- *tacaíocht eolaíoch agus shaineolach agus tograí eolaíocha agus saineolacha a sholáthar, lena n-áirítear tuarascálacha a ullmhú, maidir le spriocanna, beartais agus bearta aeráide, faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar a réamhaisnéisiú i réimse an athraithe aeráide, mar aon le faireachán ar an gcaoi a gcomhlíonann na spriocanna, na beartais agus na bearta oibleagáidí idirnáisiúnta na hÚcráine;*<br>- *malartú éachtaí eolaíocha a chur chun cinn i réimse an tsamhaltaithe, an fhaireacháin, an ardtaighde agus na nuálaíochta arb é is aidhm dóibh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ionsú trí linnte a mhéadú;*<br>- *bunús eolaíoch a thabhairt leis na bealaí agus na modhanna lena mbaintear spriocanna aeráide amach;*<br>- *feasacht a ardú i leith an athraithe aeráide agus a iarmhairtí, daoine a chur ar an eolas fúthu agus oideachas a chur orthu, chomh maith le hidirphlé agus comhar a fhorbairt idir institiúidí eolaíocha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide;*<br>- *ráthaíochtaí neamhspleáchais le haghaidh na Comhairle sin ina himeachtaí uile;*<br>- *comhdhéanamh éagsúil na Comhairle sin atá ábhartha ó thaobh na heolaíochta de.*<br><br>Is é Céim 15.3 an tríú céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2, de Chaibidil 15 (an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 15.2 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i dtaca le Beartas Aeráide an Stáit mar chuid den cheathrú tráthchuid (R1 2025). Bhí Céim 15.4 maidir le glacadh an dara Rannchuidiú ón Úcráin arna Chinneadh go Náisiúnta le Comhaontú Pháras le comhlíonadh in R3 2025 agus rinneadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den séú tráthchuid. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip den Rún ón gComh-Aireacht Airí 'Maidir le Formheas an Rialacháin i dtaca leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin' dar dáta an 22 Aibreán 2026. |

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 15.3.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 tacaíocht láidir eolaíoch agus shaineolach a institiúidiú chun beartas aeráide na hÚcráine a fhoirmiú agus a chur chun feidhme. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine an Rún 'Maidir le Formheas an Rialacháin i dtaca leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin' an 22 Aibreán 2026. Bunaítear an Chomhairle leis an Rialachán seo mar chomhlacht neamhspleách comhairleach saineolaithe eolaíochta arna bhunú faoi Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine, chun an tacaíocht eolaíoch is gá a sholáthar chun beartas aeráide stáit a fhoirmiú, faireachán a dhéanamh air agus é a réamhaisnéisiú trí na príomhfhorálacha seo a leanas:

- Breithniú a dhéanamh ar na conclúidí eolaíocha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA), ar thuarascálacha agus ar shonraí agus faisnéis eolaíoch maidir leis an aeráid, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an Úcráin: Le hAirteagal 3(1) tugtar sainordú don Chomhairle conclúidí eolaíocha, tuarascálacha PIAA agus sonraí aeráide atá ábhartha go sonrach don Úcráin a mheas. Tacaítear leis sin le hAirteagal 4(1), lena gceanglaítear ar an gComhairle na torthaí sin a ghinearálú i ndoiciméid anailíseacha lena gcomhtháthú i mbeartas aeráide stáit.
- Tacaíocht eolaíoch agus shaineolach agus tograí eolaíocha agus saineolacha a sholáthar, lena n-áirítear tuarascálacha a ullmhú, maidir le spriocanna, beartais agus bearta aeráide, faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar a réamhaisnéisiú i réimse an athraithe aeráide, mar aon le faireachán ar an gcaoi a gcomhlíonann na spriocanna, na beartais agus na bearta oibleagáidí idirnáisiúnta na hÚcráine: Sainítear in Airteagal 3(2) soláthar tacaíochta eolaíche agus ullmhú tuarascálacha maidir le spriocanna beartais aeráide stáit a bhaint amach. Le hAirteagal 4(2), cuirtear de chúram freisin ar an gComhairle measúnú a dhéanamh ar ailíniú beartas náisiúnta le hoibleagáidí idirnáisiúnta, amhail Comhaontú Pháras agus Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.
- Malartú éachtaí eolaíocha a chur chun cinn i réimse an tsamhaltaithe, an fhaireacháin, an ardtaighde agus na nuálaíochta arb é is aidhm dóibh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ionsú trí linnte a mhéadú: Sainítear in Airteagal 3(4) éascú an mhalartaithe faisnéise maidir le héachtaí eolaíocha i réimse i dtaca le samhaltú, faireachán agus measúnú na rioscaí aeráide, chomh maith le taighde agus nuálaíocht atá dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú chun méid na bainte gás ceaptha teasa trí linnte a mhéadú. Le hAirteagal 4(3) tugtar sainordú freisin don Chomhairle idirphlé a éascú maidir le nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí arb é is aidhm dóibh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus baint carbóin a mhéadú.
- Bunús eolaíoch a thabhairt leis na bealaí agus na modhanna lena mbaintear spriocanna aeráide amach: Ceanglaítear le hAirteagal 3(5) bunús eolaíoch le haghaidh réamhaisnéisiú agus na modhanna a úsáidtear chun spriocanna beartais aeráide stáit a bhaint amach. Thairis sin, le hAirteagal 4(10) tugtar de chumhacht don Chomhairle taighde eolaíoch a thionscnamh ina mbeidh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta rannpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna criticiúla aeráide.
- Feasacht a ardú i leith an athraithe aeráide agus a iarmhairtí, daoine a chur ar an eolas fúthu agus oideachas a chur orthu, chomh maith le hidirphlé agus comhar a fhorbairt idir institiúidí eolaíocha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide: Bunaítear le hAirteagal 3(6) ról na Comhairle maidir le faisnéis a chur chun cinn, feasacht an phobail a mhúscailt agus oideachas a chur chun cinn i réimse an athraithe aeráide agus a iarmhairtí, agus idirphlé agus comhar a fhorbairt idir institiúidí eolaíocha i réimse an athraithe aeráide. Le hAirteagal 4(4) spreagtar idirphlé struchtúrtha agus comhar idir institiúidí eolaíocha, comhlachtaí rialtais agus an tsochaí shibhialta.

| |
|---|
| • Ráthaíochtaí neamhspleáchais le haghaidh na Comhairle sin ina himeachtaí uile: Sainmhínítear an Chomhairle in Airteagal 1 mar chomhlacht neamhspleách comhairleach saineolaithe eolaíochta. Bunaítear le hAirteagal 9 go ndéanann Cathaoirleach na Comhairle bainistíocht ghinearálta agus gur ag an gComhairle amháin atá an chumhacht údarás an Chathaoirligh a fhoirceannadh. Treisítear neamhspleáchas nós imeachta le hAirteagal 14, lena dtugtar sainordú go bhforbróidh an Chomhairle a tograí agus a moltaí féin maidir le hábhair a thagann faoina hinniúlacht. Coinníonn an Chomhairle an cumas a torthaí a chur in iúl go neamhspleách trí thograí a sheoladh go díreach chuig Comh-Aireacht na nAirí, agus trí thrédhearcacht phoiblí a áirithiú trína himeachtaí a fhoilsiú faoi Airteagail 14 agus 16. Cinntítear tacaíocht oibríochtúil trí rúnaíocht ainmnithe ag an Lárionad Náisiúnta um Chuntasaíocht Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa in Airteagal 18, lena soláthraítear an acmhainneacht theicniúil agus anailíseach is gá le haghaidh feidhmiú uathrialach. Ceadaítear le hAirteagal 18 freisin an rúnaíocht a threisiú trí chuidiú a fháil ó shaineolaithe, ó institiúidí eolaíocha, agus ó chúnamh teicniúil idirnáisiúnta. Áirithítear cuntasacht institiúideach le hAirteagal 11 freisin trína cheangal ar an gComhairle tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme a cláir oibre a chur faoi bhráid Chomh-Aireacht na nAirí faoin 15 Márta gach bliain. Sonraítear in Airteagal 19 go ndéanfar athbhreithnithe tréimhsiúla, tar éis dheireadh an dlí airm, ar an Rialachán maidir leis an gComhairle, rud a chruthóidh an deis chun meastóireacht agus coigeartú a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.<br>• Comhdhéanamh éagsúil na Comhairle sin atá ábhartha ó thaobh na heolaíochta de: Sonraítear in Airteagal 7 go bhformheasann Comh-Aireacht na nAirí comhdhéanamh pearsanta na Comhairle agus na nósanna imeachta maidir lena roghnú iomaíoch. Ina theannta sin, le hAirteagal 5(1) tugtar an ceart don Chomhairle ról a thabhairt d'ionadaithe ó institiúidí eolaíocha speisialaithe, ó institiúidí ardoideachais, agus ó shaineolaithe neamhspleácha chun saineolas teicniúil ardleibhéil a áirithiú. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Measúnú ar chomhlíonadh sásúil dhá chéim san ochtú tráthchuid agus dhá chéim sa naoú tráthchuid a moladh mar thosca maolaitheacha i gcomhréir leis an modheolaíocht chun comhlíonadh páirteach na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil, chun críche a chur i bhfeidhm, agus chun na críche sin amháin**

**Céim 5.1**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Foilseofar an measúnú ar athléimneacht sa chóras baincéireachta |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Measúnú ar an earnáil baincéireachta |
| **Comhthéacs**<br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 5.1 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br>*'Foilseoidh Banc Náisiúnta na hÚcráine (NBU) an Measúnú ar Athléimneacht na mbanc is mó sa chóras baincéireachta (ó thaobh sócmhainní de) lena n-áireofar tástáil struis faoin gcás díobhálach, agus torthaí d'Athbhreithniú neamhspleách ar Cháilíocht Sócmhainní más féidir é sin a dhéanamh ag brath ar na dálaí.'*<br>Is é Céim 5.1 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 i gCaibidil 5 (caipiteal daonna). |

| An fhianaise a soláthraíodh |
|---|
| (1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>(2) Cóip den tuarascáil '*Resilience Assessment of Ukraine's Banks*' [Measúnú ar Athléimneacht Bhainc na hÚcráine], an 29 Nollaig 2025. |
| **Anailís** |
| Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 5.1.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 filleadh ar an bpróiseas measúnaithe tráthrialta, leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de mhórbhainc a shainaithint, agus athléimneacht an chórais baincéireachta san Úcráin a áirithiú.<br><br>Chuige sin, d'fhoilsigh Banc Náisiúnta na hÚcráine an tuarascáil dar teideal 'Measúnú ar Athléimneacht Bhainc na hÚcráine' an 29 Nollaig 2025.<br><br>Tugtar meastóireacht mhionsonraithe uile-chórais sa tuarascáil ar fhóntacht airgeadais na mbanc, meastóireacht atá bunaithe ar chásanna maicreacnamaíocha bunlíne agus díobhálacha araon. Ionchorpraítear sa chás díobhálach turraingí diana ach sochreidte, lena n-áirítear meath ar dhálaí maicreacnamaíocha, brúnna ar an ráta malairte, agus teacht chun cinn riosca creidmheasa, rud a fhágann gur féidir measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil na mbanc faoi dhálaí struis.<br><br>Áirítear sa mheasúnú ar athléimneacht na torthaí tástála struis de réir an bhainc, lena ndéantar meastóireacht ar thionchar an cháis dhíobhálaigh ar shuíomhanna caipitil, ar bhrabúsacht agus ar neamhchosaint ar riosca. Tá an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm comhsheasmhach, rud a áirithíonn inchomparáideacht agus stóinseacht na dtorthaí. Nochtann an foilseachán torthaí bainc comhiomlána agus, i gcás inarb iomchuí, torthaí bainc aonair, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht.<br><br>Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus na teorainneacha gaolmhara maidir le cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, níor ceadaíodh leis na dálaí Athbhreithniú neamhspleách ar Cháilíocht Sócmhainní a dhéanamh. Mar sin féin, ionchorpraítear sa mheasúnú eilimintí d'Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní, agus béim ar leith á leagan ar phunanna creidmheasa, neamhchosaintí neamhthuillmheacha, luacháil comhthaobhachta, agus leordhóthanacht soláthair. Tá an t-athbhreithniú sin bunaithe ar shonraí maoirseachta agus ar dhiagnóisic spriocdhírithe.<br><br>Ar an iomlán, deimhnítear sa tuarascáil fhoilsithe go ndearna agus gur nocht Banc Náisiúnta na hÚcráine measúnú ar athléimneacht ar na bainc is mó, lena n-áirítear tástáil struis faoi chás díobhálach agus meastóireacht ar cháilíocht sócmhainní atá comhsheasmhach le ceanglais na céime. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 7.7**

**Ainm na céime:** Glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra

**Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 6. Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh saothair

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 7.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

*'An tOrdú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh maidir le formheas na Straitéise um Fhostaíocht Daonra. Leis an straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*

- *dálaí fabhracha fostaíochta a chruthú, lena n-áirítear na dálaí sin a chruthú trí fhiontraíocht agus béim ar leith á leagan ar mhná;*
- *rochtain ar an margadh saothair a shimpliú;*
- *athoiliúint agus athcháiliú;*
- *seirbhís fostaíochta an stáit a athchóiriú;*
- *réamhaisnéisiú an mhargaidh saothair a athchóiriú;*
- *dreasachtaí chun tallann eachtrach a mhealladh chuig margadh saothair na hÚcráine mar aon le fiontraithe eachtracha, pearsanra oibre, pearsanra oibre ardoilte agus mic léinn.'*

Is í Céim 7.7 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (Caipiteal Daonna) maidir le glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra. Roimhe sin bhí Céim 7.6 (glacadh na Straitéise um Fhorbairt Dhéimeagrafach le haghaidh na tréimhse go dtí 2040) a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R3 2024.

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
(2) Cóip d'Ordú Uimh. 92-r ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le formheas Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse go dtí 2030 agus formheas an phlean gníomhaíochta oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme in 2026-2028', dar dáta an 7 Eanáir 2026;
(3) Cóip de 'Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse go dtí 2030' mar cheangaltán le hOrdú 92-r dar dáta an 7 Eanáir 2026;
(4) Cóip d'fhoilsiú na straitéise in Iris Oifigiúil Uimh. 40 dar dáta an 18 Feabhra 2026.

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 7.7.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) cur le feidhmiú an mhargaidh saothair. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Ordú Uimh. 92-r ón 7 Eanáir 2026 '*Maidir le formheas Straitéis na hÚcráine um Fhostaíocht Daonra le haghaidh na tréimhse go dtí 2030 agus formheas an phlean gníomhaíochta oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme in 2026-2028'* (dá ngairtear an 'straitéis' anseo feasta). Tá an straitéis i gceangal le hOrdú formheasta Uimh. 92-r agus tá an plean oibríochtúil le haghaidh 2026-2028 ag gabháil léi.

| |
|---|
| Is é is aidhm don straitéis rochtain ar an margadh saothair a shimpliú agus príomhchodanna den daonra a athsciliú agus a uas-sciliú an tráth céanna. Chun é sin a bhaint amach, tugtar isteach léi pacáiste athchóirithe comhtháite atá ceaptha chun an méid seo a leanas a dhéanamh: bearnaí faisnéise idir cuardaitheoirí poist agus fostóirí a íoslaghdú; meaitseáil post a bhrostú; agus conairí fostaíochta a dhéanamh níos soiléire, níos tapúla agus níos cuimsithí. Cuid lárnach den chur chuige sin is ea Obrii a chur i bhfeidhm, ar Córas Aontaithe um Fhaisnéis agus Anailísíocht é a fheidhmíonn mar thairseach dhigiteach aonair do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Leis an ardán sin, déanfar folúntais agus CVanna a chomhdhlúthú, cumasófar meaitseáil inniúlacht-bhunaithe agus cuirfear seirbhísí ríomhearcaíochta ar fáil.<br><br>Ina theannta sin, féachann an straitéis leis an bhfiontraíocht a chur chun cinn mar phríomhbhealach i dtreo na fostaíochta, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt do mhná san earnáil ghnó. Is é is aidhm don straitéis uileghabhálach agus dá plean oibríochtúil araon fiontraíocht na mban a neartú trí bhearta amhail: laghdú a dhéanamh ar bhacainní riaracháin agus rialála maidir le gnólacht a thosú agus a reáchtáil, go háirithe i gcás fiontair atá faoi stiúir ban; tacaíocht airgeadais agus rochtain ar chaipiteal a leathnú chun fás fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chothú; meastóireacht a dhéanamh ar thionchar bheartais an rialtais ar fhiontraíocht na mban agus moltaí a chur ar fáil chun tacaíocht spriocdhírithe a fheabhsú agus bacainní sistéamacha a dhíchur.<br><br>Áirítear sa straitéis freisin forbairt Treochláir thiomnaithe do Sheirbhís Fostaíochta an Stáit (2026-2030), ina leagtar amach cur chuige céimnithe maidir le hathchóirithe institiúideacha agus nuachóiriú seirbhísí. I measc na bpríomhthionscnamh, tá na nithe seo a leanas: creat inniúlacht-bhunaithe a ghlacadh chun acmhainní daonna a bhainistiú ar fud na ngníomhaireachtaí fostaíochta chun rianú feidhmíochta a fheabhsú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh foirne spriocanna éifeachtachta seirbhíse; cláir oiliúna a thabhairt cothrom le dáta chun bainisteoirí agus baill foirne a uas-sciliú go córasach i gcomhréir le riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair; comhar trasghníomhaireachta a neartú, faoi stiúir an Lárionaid Fostaíochta Stáit, chun feabhas a chur ar an gcomhordú le comhlachtaí rialtais eile agus le gairmithe túslíne.<br><br>Chun an margadh saothair a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, moltar athchóirithe sa straitéis maidir leis an éileamh ar shaothar a thuar agus tallann idirnáisiúnta a mhealladh, lena n-áirítear fiontraithe eachtracha, oibrithe oilte agus mic léinn. Áirítear leis sin: córas láidir a bhunú chun an t-éileamh saothair a anailísiú agus a thuar, agus úsáid á baint as bailiú caighdeánaithe sonraí, anailísíocht chaighdeánaithe agus táscairí caighdeánaithe – arna miondealú de réir aoise, inscne agus ceantair; samhail réamhaisnéise eacnamaíoch a thabhairt isteach lena ngabhann ionchas 5-10 mbliana, lena gcuirtear treochtaí maicreacnamaíocha, athruithe déimeagrafacha agus athruithe earnála san áireamh.<br><br>Ar deireadh, bainfear úsáid leis an straitéis as meascán d'uirlisí cur chun cinn, rialála agus digiteacha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: feachtais feasachta spriocdhírithe; oideachas agus taighde na hÚcráine a chur chun cinn go hidirnáisiúnta chun mic léinn agus acadóirí eachtracha a mhealladh; staidéir anailíseacha agus treochlár maidir le himirce bhainistithe lucht saothair, in éineacht le hathbhreithnithe tráthrialta ar liosta na ngairmeacha agus na gcáilíochtaí atá incháilithe don inimirce – lena n-áirítear conairí chuig buanchónaí. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 12.6**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Foilsiú na tuarascála ar chur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 4. Feabhas a chur ar chlár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha |

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 12.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

*'An tuarascáil maidir le cur chun feidhme na tacaíochta stáit trí Chlár Talmhaíochta an Stáit (CTS) a chur isteach, ar tuarascáil í ina léirítear gur trí CTS a sholáthair institiúidí an rialtas láir 80 % ar a laghad den tacaíocht phoiblí in earnáil na talmhaíochta in 2025.'*

Is í Céim 12.6 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 12 (an earnáil agraibhia). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 12.5 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i dtaca le Clár Talúntais an Stáit mar chuid den tríú tráthchuid (R4 2024).

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) Cóip den tuarascáil 'Maidir le cur chun feidhme Chéim 12.6 "Tacaíocht a chur chun feidhme trí CTS"';

(3) Cóip den iarscríbhinn 'Faisnéis maidir le tacaíocht a soláthraíodh do tháirgeoirí talmhaíochta in 2025' a ghabhann leis an tuarascáil 'Maidir le cur chun feidhme Chéim 12.6 "Tacaíocht a chur chun feidhme trí CTS"'.

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 12.6.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 clár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha (i.e. Clár Talúntais an Stáit) a chur ar bhonn foirmiúil agus feabhas a chur air. Ag tús 2025, tháinig reachtaíocht nua maidir le Clár Talúntais an Stáit (CTS) i bhfeidhm lenar leathnaíodh cumhdach CTS ar fud an tslabhra luacha talmhaíochta ar fad lena n-áirítear táirgeoirí talmhaíochta, próiseálaithe agus eagraíochtaí úsáideoirí uisce. Thairis sin, rinneadh réamhchoinníoll de chlárú in SAR chun tacaíocht phoiblí a fháil san earnáil talmhaíochta. Ina theannta sin, rinneadh réamhchoinníoll den chlárú in CTS chun aon chineál tacaíochta poiblí a fháil san earnáil agraibhia.Chuir an Úcráin tuarascáil isteach ina soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis an tacaíocht phoiblí a soláthraíodh do tháirgeoirí talmhaíochta in 2025. Liostaítear sa tuarascáil seacht gclár buiséid trínar chuir na hinstitiúidí rialtais láir tacaíocht phoiblí ar fáil san earnáil talmhaíochta in 2025. Is iad seo a leanas na cláir sin:

- Tacaíocht d'Fheirmeacha agus do Tháirgeoirí Talmhaíochta Eile (cód buiséid: 1201100)
- Tacaíocht Airgeadais do Tháirgeoirí Talmhaíochta (cód buiséid: 1201150)
- Soláthar Iasachtaí d'Fheirmeacha (cód buiséid: 1201200)
- Cúiteamh páirteach as Costas Innealra agus Trealaimh Talmhaíochta a Tháirgtear sa Bhaile (cód buiséid: 1201310)
- Clár Deontais le haghaidh Bunú nó Forbairt Gnó (cód buiséid: 1201350)
- Cúiteamh as Costais a bhaineann le Dímhianú Daonnúil ar Thalamh Talmhaíochta (cód buiséid: 1201420)
- Oibriú an Chiste Forbartha Fiontraíochta a áirithiú (cód buiséid: 1201450)

| |
|---|
| Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil go bhfuair 37 785 eintiteas san iomlán san earnáil talmhaíochta tacaíocht phoiblí in 2025 dar luach UAH 5,944 billiún (EUR 127 milliún) san iomlán. As an ngrúpa sin, tá 37 523 eintiteas a chomhfhreagraíonn do 99.3 faoin gcéad d'iomlán na n-eintiteas cláraithe i gClár Talúntais an Stáit. Fuair na heintitis chláraithe méid iomlán UAH 5,941 billiún (EUR 127 milliún) i dtacaíocht phoiblí a chomhfhreagraíonn do 99,9 faoin gcéad den tacaíocht iomlán a soláthraíodh.<br><br>I bhfianaise chineál sonrach agus raon feidhme an bhirt tacaíochta, i gcás inar soláthraíodh an cúnamh airgeadais d'fheirmeacha teaghlaigh i bhfoirm íocaíocht bhreise le hárachas sóisialta stáit, níor cláraíodh in CTS 262 eintiteas a fuair tacaíocht. Fuair na heintitis lena mbaineann UAH 3,5 milliún (EUR 75 000) san iomlán ón mbeart atá mar chuid den chlár 'Tacaíocht airgeadais do tháirgeoirí talmhaíochta'. Rinne Seirbhís Cánach Stáit na hÚcráine an beart tacaíochta a riar agus a bhainistiú. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |

**Céim 14.4**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite, i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183 |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. Digiteáil na seirbhísí poiblí |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 14.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*'Teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le feidhmiú an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite san Úcráin mar phríomhghné den bhonneagar ríomh-shainaitheantais náisiúnta, i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183. Leis an ngníomh dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br><br>*— córas ríomh-shainaitheantais nua-aimseartha a bhunú san Úcráin agus a áirithiú go ndéantar forbairt inbhuanaithe air;*<br><br>*— idir-inoibritheacht (comhoiriúnacht theicneolaíoch) modhanna ríomh-shainaitheantais, nód ríomh-shainaitheantais idirmheánach (moil) agus scéimeanna ríomh-shainaitheantais a áirithiú;*<br><br>*— acmhainní faisnéise arna bpróiseáil sa chóras a chosaint.'*<br><br>Is í Céim 14.4 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 14 (claochlú digiteach). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 14.3 maidir le glacadh an Phlean Gníomhaíochta um dhigiteáil seirbhísí poiblí go dtí 2026 mar chuid den cheathrú tráthchuid (R1 2025). |

| |
|---|
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br>2. Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 3 Samhain 2023, Uimh. 1150 'Maidir le formheas Rialacháin an Chórais Ríomh-Shainaitheantais Chomhtháite';<br>3. Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 11 Meitheamh 2025, Uimh. 689 'Maidir le formheas na gceanglas i ndáil le heisiúint tiachóg lena ngabhann sainaithint dhigiteach';<br>4. Cóip de Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2025, Uimh. 1400 'Maidir le Roinnt Saincheisteanna i ndáil le Cur Chun Feidhme Tionscadail Thurgnamhaigh i ndáil le Foirmiú agus Úsáid Sonraí Ríomh-Shainaitheantais agus Deimhnithe Leictreonacha Tréithe trí Thiachóg lena ngabhann Sainaithint Dhigiteach a úsáid mar Ghné Fheidhmiúil den Fheidhmchlár Soghluaiste Diia'. |
| **Anailís**<br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 14.4.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 an idirghníomhaíocht idir an stát agus na saoránaigh a shimpliú trí bhíthin an digiteála.<br><br>Is éard atá sa chreat dlíthiúil chun an chéim sin a chomhlíonadh roinnt Rún ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine. Is é Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1150 an gníomh dlí bunúsach lena mbunaítear bonneagar ríomh-shainaitheantais nua-aimseartha san Úcráin. Is iad Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 689 agus Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1400 na gníomhartha dlí ábhartha atá i gcomhréir le prionsabail Rialachán (AE) 2024/1183.<br><br>Le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 689 leagtar síos na coinníollacha feidhmiúla, teicniúla agus teicneolaíocha maidir le tiachóga sainaitheantais dhigitigh a eisiúint, agus le Rún Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 1400 tacaítear le forbairt bhreise an chórais trí thionscadal turgnamhach agus tríd an bhFeidhmchlár Soghluaiste Diia.<br><br>Thairis sin, dírítear sna gníomhartha dlí ar idir-inoibritheacht (comhoiriúnacht theicneolaíoch) modhanna ríomh-shainaitheantais, nód ríomh-shainaitheantais idirmheánach (moil) agus scéimeanna ríomh-shainaitheantais a áirithiú trína cheangal ar thiachóga tacú le prótacail choiteanna agus comhéadain choiteanna chun sonraí céannachta a fhoirmiú, a mhalartú agus a chur i láthair. Níos tábhachtaí fós, dírítear sna rúin ar aitheantas a thabhairt do thiachóga Eorpacha céannachta digití agus do dheimhnithe leictreonacha áirithe le haghaidh úsáid trasteorann.<br><br>Ar deireadh, dírítear sna rúin ar acmhainní faisnéise a phróiseáiltear sa chóras a chosaint trí choimircí áirithe a leathnú chuig tiachóga céannachta digití, go háirithe trí cheanglais maidir le sonraí pearsanta a dheighilt agus a tharraingt siar i gcás sáruithe slándála. Áirítear ar na coimircí sin rialú rochtana, faireachán slándála, cosaint agus rúndacht líonra, sláine agus infhaighteacht faisnéise. |
| **Measúnú an Choimisiúin:** comhlíonta go sásúil |